Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14538/23**

**FIN 1086**
**INST 413**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) |

# DRÉACHTRÁITEAS COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS AN nGNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ (EMSA), GNÍOMHAIREACHT SÁBHÁILTEACHTA EITLÍOCHTA AN AONTAIS EORPAIGH (EASA) AGUS GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR CEARTAIS CHOIRIÚIL (EUROJUST)

I gcomhréir le Pointe 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) an 20 Nollaig 2020, aontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an méid seo a leanas, ar bhonn na faisnéise arna tarchur ag an gCoimisiún:

– Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair i ráiteas airgeadais athbhreithnithe le haghaidh na *Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí* (EMSA) agus *Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh* (EASA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 1 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse 2021 go 2027. Tá an méid bliantúil agus poist an phlean bunaíochta le haghaidh EASA don bhliain airgeadais 2023 curtha san áireamh cheana féin i mbuiséad 2023. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta le haghaidh EMSA agus EASA do na blianta airgeadais ó 2024 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

– Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe le haghaidh *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil* (Eurojust) a áirithiú faoi uasteorainneacha chomhaontaithe chaiteachais de cheannteideal 2b den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse 2021 go 2027. Tá an méid bliantúil agus poist an phlean bunaíochta le haghaidh Eurojust don bhliain airgeadais 2023 curtha san áireamh cheana féin i mbuiséad 2023. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta le haghaidh Eurojust do na blianta airgeadais ó 2024 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.